COMHLACHAS EATRAMHACH
IDIR
AN tAONTAS EORPACH AGUS
EAGRAÍOCHT SHAOIRSE
NA PALAISTÍNE (PLO)
AR MHAITHE LE
hÚDARÁS PALAISTÍNEACH
AN BHRUAIGH THIAR
AGUS STRÁICE GAZA

An Comhchoiste

**An Bhruiséil, 25 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**UE-OLP 1852/22**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | MOLADH Ó CHOMHCHOISTE AE-EAGRAÍOCHT SHAOIRSE NA PALAISTÍNE lena bhformheastar an síneadh arna chur le Plean Gníomhaíochta AE-Údarás na Palaistíne [2022/...] |

**MOLADH UIMH. ..../2022 Ó CHOMHCHOISTE AE-EAGRAÍOCHT SHAOIRSE NA PALAISTÍNE**

**an ...**

**lena bhformheastar an síneadh arna chur le Plean Gníomhaíochta AE-Údarás na Palaistíne [2022/...]**

TÁ COMHCHOISTE AE-EAGRAÍOCHT SHAOIRSE NA PALAISTÍNE,

Ag féachaint don Chomhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile[1],

[1] IO CE L 187, 16.7.1997, lch. 3

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis an gComhaontú Eatramhach Comhlachais Eora-Mheánmhara maidir le trádáil agus comhar idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne (PLO) ar mhaithe le hÚdarás na Palaistíne um an mBruach Thiar agus Stráice Gaza, den pháirt eile (‘an Comhaontú Eatramhach Comhlachais’) síníodh é an 24 Feabhra 1997 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1997.

(2) De bhun Airteagal 63 den Chomhaontú Eatramhach Comhlachais, tá an chumhacht ag an gComhchoiste cinntí a ghlacadh agus moltaí iomchuí a dhéanamh.

(3) Déantar foráil le hAirteagal 10 de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste maidir leis an bhféidearthacht cinntí nó moltaí a ghlacadh trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn idir na seisiúin má chomhaontaíonn an dá Pháirtí amhlaidh.

(4) Leis an síneadh 3 bliana a chur le Plean Gníomhaíochta AE-Údarás na Palaistíne beidh deis ag na Páirtithe an comhar eatarthu a fhorbairt sna blianta amach rompu, lena n-áirítear trí chaibidlíocht a d’fhéadfaí a dhéanamh ar thosaíochtaí comhpháirtíochta,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A LEANAS A GHLACADH :

*Airteagal 1*

Molann an Comhchoiste, ag gníomhú dó trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, síneadh 3 bliana a chur le Plean Gníomhaíochta AE – Údarás na Palaistíne amhail ó dháta glactha an Mholta seo.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an Moladh seo ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa ...,

*Thar ceann Comhchoiste AE-Eagraíocht Shaoirse na Palaistíne*
*An Cathaoirleach*